



**Central Statistics Office**  
**An Phríomh-Oifig Staidrimh**

**Press Statement**  
**Preas Ráiteas**

**Daonáireamh 2006: Imleabhar 1 – Daonra rangaithe de réir Ceantair**

**Cathracha ag cailliúint a sciar den daonra**

Mhéadaigh daonra na gcathracha seo lena chéile, Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge, chomh maith lena mbruachbhailte, faoi 4.2% idir na blianta 2002 agus 2006 i gcomparáid le méadú de 8.2% ag leibhéal náisiúnta. B'í Gaillimh an t-aon chathair (+9.9%) ar tháinig méadú a bhí níos níos airde ná an méadú náisiúnta ar a daonra sa thréimhse cheithre bliana seo.

De réir *Daonáireamh 2006 – Daonra rangaithe de réir Ceantair*, b'ionann daonra na cúig cathrach seo agus 34.2% de dhaonra an Stáit sa bhliain 2006 – síos ó 35.5% ceithre bliana roimhe sin. I gceantair chathracha a bhí níos lú ná an cúigiú chuid den fhás iomlán daonra de 322,645 idir Aibreán 2002 agus Aibreán 2006.

**Méadú mór sna bailte**

Mhéadaigh líon na mbailte móra (iad siúd le daonra de 10,000 nó níos mó) ó 28 go 34 ó tógadh daonáireamh 2002, agus 22 díobh lonnaithe i gCúige Laighean. Méadaigh daonra an 34 baile mór seo lena chéile ó 552,000 sa bhliain 2002 go 616,000 sa bhliain 2006 (+11.6%). I Sord a bhí an fás iomlán ba mhó (+6,823) agus bhí an céatadán fáis ba mhó le feiceáil i mBaile Brigín (+51.1%).

Bhí fás iomlán daonra d'aon chúigiú ag bailte níos lú, le daonra idir 1,500 agus 9,999, idir na blianta 2002 agus 2006. Tá na bailte seo lonnaithe in áiteanna éagsúla ar fud an Stáit le 59 acu i gCúige Laighean, 40 i gCúige Mumhan, 16 i gCúige Chonnacht agus 16 i gCúige Uladh (cuid de).

Tháinig méadú de 18.6% i ndaonra na sráidbhailte le ar a laghad 50 teach le teaghlaigh ina gcónaí iontu agus daonra de níos lú ná 1,500 sa thréimhse idirdhaonáirimh. I gcontaetha Átha Cliath, na Mí, Chill Dara agus Chill Mhantáin tháinig méadú ar dhaonra na sráidbhailte beaga seo níos mó ná an tríú chuid. Ag an am céanna in áiteanna eile sa Stáit mhéadaigh daonra an tsráidbhaile faoin séú chuid.

Daonra de 1.37 milliún a bhí ina gcónaí i gceantair tuaithe a bhí tearc i ndaoine sa bhliain 2006 i gcomparáid le 1.3 milliún sa bhliain 2002 (+5.3%).

**Éagsúlacht mhór i ndéanamh suas na nDáilcheantar**

Sa bhliain 2006, bhí daonra do gach TD i nDáilcheantair sa réimse ó 22,833 i nDún Laoghaire go 30,967 in Iarthar Átha Cliath. Ag leibhéal náisiúnta, mhéadaigh an meán daonra do gach TD ó 23,598 sa bhliain 2002 go 25,541 sa bhliain 2006.

Tuilleadh /...

## Líonmhaireacht daonra ard in Átha Cliath, íseal i Liatroim

60 a bhí an líonmhaireacht iomlán daonra (líon na ndaoine in aghaidh gach ciliméadar cearnach) don Stát. Is i Liatroim a bhí an líonmhaireacht daonra ba lú (18) agus ina dhiaidh sin a bhí Maigh Eo (22).

Is i mBaile Átha Cliath a bhí an líonmhaireacht daonra ba mhó le 4,304 daoine in aghaidh gach ciliméadar cearnach, ina dhiaidh sin a bhí cathair Chorcaí (3,015) agus cathair Luimní (2,582).

### Nóta an Eagarthóra

Tá achoimre ag leibhéal Stáit de na sonraí in Imleabhair 1-4, 8, 11 agus 12 de na tuairiscí sonraithe daonáirimh atá le foilsiú sna míonna amach romhainn (féach suíomh idirlín na POS do na dátaí foilseacháin) ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2006 – Príomhthorthaí Déimeagrafacha*, a foilsíodh ar an 29 Márta 2007. Tá figiúirí sonraithe do na ranna tíre ar fad sa tír ar fáil san fhoilseachán atá á fhoilsiú inniu, Imleabhar 1.

### Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh. 021 453 5011

nó

Oifig Dhíolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15

Is féidir cóipeanna a íoslódáil freisin ó shuíomh idirlín na POS (féach seoladh thíos).

### Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh,  
Campas Gnó Sord,  
Bóthar Balheary,  
Sord,  
Co. Átha Cliath.

Fiosrúcháin an Daonáirimh: (01) 895 1460/61/63/66  
Facs: (01) 895 1399  
R-phost: census@csó.ie  
Idirlíon: www.csó.ie

*An Phríomh-Oifig Staidrimh*

*26 Aibreán 2007*

– CRÍOCH –